An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 20 Márta 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 1/25**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 Márta 2025)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuas.

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe António Guterres maidir leis an staid gheopholaitiúil agus an t-iltaobhachas.*

*

*     *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí san Úcráin. Thacaigh 26 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach in EUCO 11/25.

3. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

4. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, phléigh an Chomhairle Eorpach an staid sa Mheánoirthear agus an méid is déanaí a tharla ann.

5. Is saoth leis an gComhairle Eorpach cliseadh an tsosa cogaidh in Gaza, arbh é ba chúis le líon mór taismeach sibhialtach le linn aer-ionsaithe a tharla ann le déanaí. Is saoth léi gur dhiúltaigh Hamas na gialla atá fós á gcoinneáil aige a scaoileadh saor. Iarrann an Chomhairle Eorpach go bhfillfear láithreach ar chur chun feidhme iomlán an chomhaontaithe maidir le sos cogaidh agus scaoileadh na ngiall. Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí dul chun cinn chuig dara céim an chomhaontaithe sin, ag féachaint lena chur chun feidhme go hiomlán le go scaoilfear saor na gialla go léir agus le go gcuirfear deireadh buan leis an gcogaíocht. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain gan bhac ag an gcabhair dhaonnúil mhórscála ar Gaza agus go ndáilfí í go leanúnach ar fud Gaza. Ní mór tús láithreach a chur an athuair leis an rochtain agus an dáileadh sin, chomh maith leis an soláthar leictreachais do Gaza, lena n-áirítear do na gléasraí díshalannaithe uisce.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Plean Arabach um Théarnamh agus Atógáil a formhuiníodh ag Cruinniú Mullaigh Chaireo an 4 Márta 2025. Tá an tAontas Eorpach faoi réir dul i dteagmháil lena chomhpháirtithe Arabacha chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile ar an mbonn sin.

7. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do shíocháin mharthanach inbhuanaithe bunaithe ar réiteach an dá stát. Tá an tAontas Eorpach faoi réir le gach iarracht a dhéanamh chun an réiteach sin a bhaint amach agus iarrann sé ar na páirtithe uile staonadh ó ghníomhaíochtaí a chuirfeadh an réiteach sin i mbaol. Leanfaidh sé de bheith ag obair le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun na críche sin. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tacú le hÚdarás na Palaistíne agus lena chlár oibre don athchóiriú.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an foréigean forleathan a rinneadh le déanaí ar shibhialtaigh cois cósta sa tSiria agus tathantaíonn sí ar na húdaráis idirthréimhseacha a áirithiú go gcosnófar na sibhialtaigh go léir agus go dtabharfar lucht déanta foréigin chun cuntais i gcomhréir leis na noirm agus na caighdeáin idirnáisiúnta. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur bunriachtanas ar leith é go mbeadh ceartas cuimsitheach idirthréimhseach ann, agus an tír ar chonair an athmhuintearais.

9. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh aistriú síochánta cuimsitheach sa tSiria, saor ó chur isteach eachtrach díobhálach, agus go gcosnófaí gan idirdhealú cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach. Ba cheart neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria laistigh de theorainneacha slána a urramú go huile agus go hiomlán, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Is díol sásaimh di an comhaontú ar thángthas air an 10 Márta 2025 idir na húdaráis idirthréimhseacha agus Fórsaí Daonlathacha na Siria. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur chuir an tAontas bearta sriantacha ar fionraí le déanaí mar chuid de chur chuige inchúlaithe a ghlacfaí de réir a chéile. Leanfaidh an tAontas Eorpach de scrúdú a dhéanamh ar aon bhearta sriantacha eile a d'fhéadfaí a chur ar fionraí ar bhonn dlúthfhaireacháin ar an staid sa tSiria. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach torthaí an naoú Comhdháil maidir leis an tSiria dar teideal 'Standing with Syria: meeting the needs for a successful transition' [Seasamh leis an tSiria: na riachtanais chuí a chomhlíonadh le go mbeidh aistriú rathúil ann] a bhí ann an 17 Márta 2025.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil deireadh tagtha leis an tsáinn pholaitiúil sa Liobáin agus cuireann sí in iúl go bhfuil an tAontas Eorpach réidh chun oibriú leis na húdaráis nua chun an staid eacnamaíoch agus slándála sa tír a chobhsú. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar na páirtithe téarmaí chomhaontú sosa cogaidh an 27 Samhain 2024 a chur chun feidhme agus Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.

## III. AN tIOMAÍOCHAS

11. Dá iomaíche an tAontas, is ea is láidre a bheidh sé, agus is fearr a bheidh sé in ann a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna a chosaint ar an leibhéal domhanda, agus a rathúnas agus a mhúnla sóisialta Eorpach a chothú san am céanna. Tá dlúthnasc idir an gá le hinfheistíocht a dhéanamh sa chosaint agus an t-iomaíochas. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a phráinní atá sé iomaíochas na hEorpa a neartú, ag tógáil ar Dhearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa agus ar na conclúidí uaithi an 6 Márta 2025 maidir leis an gcosaint Eorpach. I ndáil leis sin, is díol sásaimh ar leith é don Chomhairle Eorpach an Compás Iomaíochais a fógraíodh an 29 Eanáir 2025, an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a fógraíodh an 26 Feabhra 2025, agus an chláir oibre Omnibus um shimpliú.

12. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí dlús in 2025 le hiarrachtaí an Aontais i ndáil le feabhas a chur ar an iomaíochas, an Margadh Aonair a neartú, poist ar ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a áirithiú go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, i gcomhréir leis na cuspóirí aeráide a comhaontaíodh. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus chun rannchuidiú leis an mbearna nuálaíochta agus tháirgiúlachta a dhruidim idir an tAontas agus a chuid iomaitheoirí domhanda, agus laistigh den Aontas féin, aontaíonn an Chomhairle Eorpach go dtabharfar tosaíocht don simpliú agus do laghdú na n-ualaí rialála agus riaracháin, d'ísliú na bpraghsanna fuinnimh agus do shlógadh an choigiltis phríobháidigh chun an infheistíocht riachtanach i ngeilleagar an Aontais a spreagadh.

***Simpliú agus ualaí riaracháin a laghdú***

13. Ag eascairt as an teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 maidir le cur chun feidhme agus simpliú, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach – creat rialála atá soiléir, simplí, cliste agus fabhrach don nuáil a áirithiú agus ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe ar ghnólachtaí agus ar riaracháin phoiblí a laghdú go mór, mar ábhar práinne, gan an bonn a bhaint den intuarthacht, de spriocanna beartais, d'ardchaighdeáin an mhargaidh aonair ná dá shláine. Sa chomhthéacs seo, déanann an Chomhairle Eorpach an méid a leanas:

    (a) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí oibriú i dtreo na sprice seo a leanas: costas na n-ualaí riaracháin go léir a laghdú 25 % ar a laghad, agus é a laghdú 35 % ar a laghad i gcás FBManna;

    (b) iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den athbhreithniú agus den tástáil struis ar *acquis* an Aontais féachaint le bealaí a aimsiú chun an reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh;

    (c) tathantaíonn sí ar na comhreachtóirí an obair ar na pacáistí Omnibus um shimpliú, a tíolacadh an 26 Feabhra 2025, a thabhairt chun cinn mar ábhar tosaíochta agus le hardleibhéal uaillmhéine, d'fhonn iad a thabhairt chun críche a luaithe is féidir in 2025;

    (d) iarrann sí ar na comhreachtóirí an togra i ndáil le sásra 'stadta an chloig' do thuairisciú na hinbhuanaitheachta agus an díchill chuí a ghlacadh gan mhoill agus faoi mhí an Mheithimh 2025 ar a dhéanaí;

    (e) iarrann sí ar an gCoimisiún oibriú go pras chun tionscnaimh bhreise shimpliúcháin a chur ar fáil, lena n-áirítear maidir le dícharbónú na tionsclaíochta agus maidir le slándáil agus cosaint; agus

    (f) tathantaíonn sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí cloí le prionsabail na rialála níos fearr i gcaitheamh an phróisis reachtaigh, chun an ró-rialáil a sheachaint agus le nach dtabharfaí ualaí riaracháin isteach, go háirithe ualaí ar FBManna.

***Fuinneamh***

14. Ag meabhrú di an gealltanas a thug sí an dá chuspóir a shaothrú, is iad sin: ceannasacht fuinnimh agus aeráidneodracht na hEorpa a bhaint amach faoi 2050, agus chun go leanfaidh an tAontas de bheith iomaíoch ar fud an domhain, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    (a) iarrann sí go gcuirfí dlús go beo leis na hiarrachtaí uile atá á ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, chun cosaint níos fearr a thabhairt do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais ar chostais arda fuinnimh, chun soláthar inacmhainne glan fuinnimh a dhaingniú agus chun fíor-Aontas Fuinnimh a thógáil idir seo agus 2030, rud a mbeidh leictriú uaillmhianach ag teastáil ina leith agus úsáid á baint as na réitigh ghlan-nialasacha agus ísealcharbóin uile, agus infheistíocht in eangacha, i stóráil agus in idirnaisc ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Á mheabhrú di na spriocanna fuinnimh a comhaontaíodh, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí pleanáil i ndáil le hinfheistíocht fhadtéarmach thrasteorann uile-Aontais, d'fhonn margadh fuinnimh an Aontais a chomhtháthú agus a idirnascadh go huile agus go hiomlán, rud a chuirfidh le slándáil fuinnimh an Aontais, agus le cosaint agus athléimneacht bhonneagar an Aontais; agus

    (b) dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di sa chomhthéacs sin gur tíolacadh Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Fhuinneamh Inacmhainne an 26 Feabhra 2025, plean ina leagtar amach bearta struchtúracha agus gearrthéarmacha araon, go háirithe do na saoránaigh agus na gnólachtaí is mó atá buailte, agus sláine an mhargaidh aonair á caomhnú san am céanna; agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún, ar an gComhairle, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara ábhartha eile go léir tús a chur leis na gníomhaíochtaí sin in 2025. Iarrann sí go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun soláthairtí breise fuinnimh a fháil le haghaidh na hEorpa le gur féidir slándáil an tsoláthair a áirithiú do na Ballstáit uile.

***Aontas Coigiltis agus Infheistíochta***

15. Ag féachaint do na dúshláin atá roimh iomaíochas an Aontais, tá sé ríthábhachtach go gcruthófaí margaí caipitil Eorpacha atá fíor-chomhtháite agus níos doimhne ná faoi láthair, trí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach go beo agus tríd an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Cabhróidh fíor-Aontas Coigiltis agus Infheistíochta leis na céadta billiún euro d'infheistíocht bhreise a chainéalú chuig geilleagar na hEorpa gach bliain, rud a chuideodh le borradh a chur faoi iomaíochas, uathriail straitéiseach agus slándáil eacnamaíoch an Aontais.

16. Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise na teachtaireachta ón gCoimisiún an 19 Márta 2025, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    (a) dearbhaíonn sí go bhfuil sí ag dréim leis go dtiocfaidh na comhreachtóirí ar chomhaontú go tapa maidir leis na tograí uile ó Phlean Gníomhaíochta 2020 maidir le hAontas na Margaí Caipitil atá ar feitheamh, lena n-áirítear an chuid a bhaineann le dócmhainneacht;

    (b) leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé, ar mhaithe le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais a chomhlánú, go ngníomhófaí ar an leibhéal náisiúnta le gur mó agus gur doimhne na margaí caipitil atá inrochtana ag gach saoránach agus gnólacht ar fud an Aontais;

    (c) d'fhonn cur leis na deiseanna atá ann do na saoránaigh, iarrann sí:

        – ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit tuilleadh oibre a dhéanamh le gur mó rannpháirtíocht na hearnála miondíola sna margaí caipitil, agus é sin trí dheiseanna infheistíochta agus coigiltis Eorpacha a chur ar fáil, lena n-áirítear deiseanna feabhsaithe le haghaidh táirgí coigiltis agus pinsin uile-Aontais, agus feidhm á baint as dea-chleachtais, in am trátha chun go bhféadfar céimeanna cinntitheacha a thabhairt in 2025; agus

        – ar an gCoimisiún feabhsuithe ar an táirge pinsin phearsanta uile-Eorpach atá ann cheana a mholadh go pras, in 2025;

(d) d'fhonn cistiú príobháideach do ghnólachtaí a mhéadú, iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

– tograí a chur ar aghaidh chun feabhas a chur ar éiceachóras an chothromais phríobháidigh agus an chaipitil fiontair agus, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí ábhartha faoi na Conarthaí, an 28ú córas maidir le dlí na gcuideachtaí, a bheidh roghnach, a mholadh le go mbeidh cuideachtaí nuálacha in ann dul i mbun uas-scálaithe, in am trátha le go mbeidh na comhreachtóirí in ann céimeanna cinntitheacha a thabhairt faoi 2026;

– creat urrúsúcháin athbhreithnithe a mholadh go pras, in 2025, lena n-áirítear coigeartuithe spriocdhírithe ar an gcreat stuamachta, agus an chobhsaíocht airgeadais á caomhnú san am céanna; agus

– athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcothrom iomaíochta domhanda in earnáil na baincéireachta agus in earnáil an árachais agus bearta iomchuí a dhéanamh dá réir;

(e) maidir le cóineasú agus éifeachtúlacht na maoirseachta ar mhargaí caipitil ar fud an Aontais a fheabhsú agus an ilroinnt a laghdú, iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh, agus é ag obair le húdaráis inniúla náisiúnta agus Eorpacha i gcás inarb ábhartha:

– cleachtais mhaoirseachta chóineasaithe a áirithiú. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go gcothófaí cur chun feidhme, léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú aonchineálach dhlí an Aontais i measc na n-údarás inniúil náisiúnta;

– an measúnú agus an obair a chur i gcrích ar na cúinsí lena gcuirfear ar chumas na nÚdarás Maoirseachta Eorpach maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na gníomhaithe margaidh airgeadais agus caipitil trasteorann is mó ábharthacht shistéamach, agus é mar aidhm leis sin an comhtháthú airgeadais a neartú agus an chobhsaíocht airgeadais a áirithiú, próisis a shimpliú agus costais an chomhlíonta a laghdú, agus leasanna na mBallstát uile á gcur san áireamh, agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, togra maidir le maoirseacht a chur ar aghaidh, de réir mar is iomchuí;

– fáil réidh go pras le bacainní ar chomhdhlúthú margadh-threoraithe an bhonneagair margaidh agus bacainní ar an infheistíocht thrasteorann; agus

– na rialacha atá ann cheana a chuíchóiriú agus deireadh a chur leis an dúbláil, na forálacha rialála a shoiléiriú agus costas an chomhlíonta agus an tuairiscithe a laghdú;

(f) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé maoiniú príobháideach a shlógadh do thionscal cosanta na hEorpa agus iarrann sí ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí úsáid bhreise a bhaint as cláir an Aontais, mar shampla an taithí a fuarthas ó urrann na mBallstát den chlár InvestEU a úsáid, agus cineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe á chur san áireamh.

***An Margadh Aonair, tionsclaíocht agus scileanna***

17. Tacófar leis na tosaíochtaí iomaíochais sin le Straitéis nua chothrománach uaillmhianach don mhargadh aonair, atá le cur i láthair i mí an Mheithimh 2025, agus ar cheart dó féachaint leis an margadh aonair a dhoimhniú, trí dheireadh a chur leis na bacainní atá fós ann, go háirithe i réimse na seirbhísí agus na n-earraí riachtanacha, aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt, agus cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú rialacha an mhargaidh aonair a fheabhsú.

18. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí na sraitheanna sonracha oibre seo a leanas a shaothrú gan mhoill:

    (a) ag tógáil ar an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Mótarfheithiclí an 5 Márta 2025 agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail an 19 Márta 2025, ina dtagraítear don neodracht theicneolaíoch, ní mór dlús a chur leis an obair chun nuáil, athnuachan agus dícharbónú thionscail na hEorpa a dhaingniú agus chun fás phríomhtheicneolaíochtaí na todhchaí a áirithiú, lena n-áirítear an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí candamacha, leathsheoltóirí, 5G/6G agus teicneolaíochtaí criticiúla eile, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscail thraidisiúnta atá i mbun aistrithe, tionscail na mótarfheithiclí, na loingseoireachta, na heitlíochta agus tionscail dianfhuinnimh go háirithe, agus an gá atá le cothrom iomaíochta a áirithiú. Chuige sin, iarrann sí ar an gCoimisiún togra spriocdhírithe a chur ar aghaidh gan mhoill le haghaidh solúbthachtaí breise i leith gharsprioc 2025 sa Rialachán lena socraítear caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin agus veaineanna, agus leanúint den athbhreithniú dá bhforáiltear sa Rialachán sin; agus

    (b) ag eascairt as an teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir le hAontas na Scileanna, ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar shealbhú, aithint agus coinneáil scileanna ar fud an Aontais, ó fhorbairt na mbunscileanna go rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, san athsciliú agus san uas-sciliú, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann leis.

***Gníomhaíochtaí eile agus an bealach chun cinn***

19. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na tosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2025 agus formhuiníonn sí an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro. Rinne an Chomhairle Eorpach staid na fostaíochta agus an staid shóisialta san Aontas Eorpach a mheas freisin.

20. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé as seo amach go mbeadh na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí iomaíochais thuasluaite ag feidhmiú le chéile, ag treisiú a chéile, mar aon le hionstraimí ábhartha an Aontais, chun tacú leis an taighde agus an nuáil, an infheistíocht, an cóineasú agus an comhtháthú, an nascacht, éagsúlú na trádála, na comhpháirtíochtaí eacnamaíocha, an fás agus an athléimneacht eacnamaíoch san Aontas Eorpach. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach na hábhair sin go léir faoi bhreithniú, agus déanfaidh sí measúnú ar an dul chun cinn maidir leis an iomaíochas agus maidir leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2025.

## IV. <u>COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA</u>

21. Ag eascairt as na conclúidí uaithi an 6 Márta 2025 agus i bhfianaise an Pháipéir Bháin maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa an 19 Márta 2025, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an obair ar gach sraith oibre chun dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa as seo go ceann 5 bliana. Iarrann sí ar an gComhairle agus ar na comhreachtóirí an obair ar na tograí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí a thabhairt chun cinn go pras. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí chun feidhme mar ábhar práinne na gníomhaíochtaí a sainaithníodh sna conclúidí uaithi an 6 Márta 2025 i réimse na gcumas agus go ndéanfaí tuilleadh oibre ar na roghanna ábhartha maoiniúcháin.

22. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach, ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, go gcuirfear le slándáil an domhain agus leis an tslándáil thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é bunchloch a gcosanta comhchoitinne i gcónaí é ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de.

23. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tuairisc a dhéanamh go tráthrialta ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir le cosaint. Fillfidh sí ar gach gné den obair ar an tsaincheist sin ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## V. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE AGUS ACMHAINNÍ DÍLSE NUA

24. Bhí an chéad seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile agus acmhainní dílse nua.

## VI. AN IMIRCE

25. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme a cuid conclúidí maidir leis an imirce, lena n-áirítear i bhfianaise na litreach a sheol Uachtarán an Choimisiúin le déanaí. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh oibre maidir leis an méid seo a leanas go háirithe: an ghné sheachtrach, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha; cur chun feidhme na reachtaíochta atá glactha ag an Aontas agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana; cosc agus comhrac na himirce neamhrialta, lena n-áirítear trí bhealaí nua i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta; na hiarrachtaí chun fillteacha a éascú, a mhéadú agus dlús a chur leo, agus beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais á n-úsáid; coincheap na dtríú tíortha sábháilte agus na dtíortha tionscnaimh sábháilte; comhrac an ionstraimithe, na gáinneála ar dhaoine agus na smuigleála imirceach; beartas víosaí arna ailíniú ag tíortha comharsanachta; chomh maith le conairí sábháilte dlíthiúla i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a dhiongbháilte atá an tAontas an tslándáil a neartú ag a theorainneacha seachtracha agus rialú éifeachtach na dteorainneacha sin a áirithiú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

26. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí dul chun cinn a dhéanamh, mar ábhar tosaíochta, maidir le comhaid a bhaineann leis an imirce. Go háirithe, iarrann sí ar na comhreachtóirí an togra a tháinig ón gCoimisiún le déanaí maidir le fillteacha a scrúdú go pras.

## VII. NA hAIGÉIN

27. I bhfianaise na ndúshlán domhanda agus geopholaitiúil atá ann faoi láthair, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis na haigéin, leis an athléimneacht uisce agus leis an ngeilleagar gorm chun iomaíochas agus athléimneacht an Aontais, an tslándáil mhuirí, agus inbhuanaitheacht agus cosaint an chomhshaoil a neartú, i gcomhthéacs na géarchéime triaraí pláinéadaí, is é sin, an t-athrú aeráide, an truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta.

28. Is díol sásaimh don Comhairle Eorpach an rún atá ag an gCoimisiún Comhshocrú Eorpach um na hAigéin a chur chun cinn; comhshocrú a bheidh uaillmhianach, iomlánaíoch agus réamhbhreathnaitheach, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach, agus lena gcothófar aigéin agus farraigí atá sláintiúil, an tslándáil fuinnimh, an tslándáil mhuirí, an tslándáil bia, an t-iascach inbhuanaithe agus geilleagar gorm inbhuanaithe iomaíoch san Aontas, agus béim faoi leith á leagan ar phobail chósta agus oileánacha, agus lena gcuirfear le heolas domhanda eolaíocht-bhunaithe ar na haigéin agus le rialachas freagrach orthu.

29. Ina theannta sin, bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le hullmhú Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, atá le tionól in Nice ón 9 go dtí an 13 Meitheamh 2025, agus d’iarr sí go méadófaí an ghníomhaíocht agus an uaillmhian dhomhanda, lena n-áirítear daingniú brostaithe an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (Comhaontú BBNJ) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cosaint agus rialachas na n-aigéan ar an leibhéal idirnáisiúnta.

## VIII. AN tILTAOBHACHAS

30. Sheas an tAontas Eorpach riamh le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis na rialacha agus na prionsabail a chumhdaítear inti, go háirithe na rialacha maidir le ceannasacht agus iomláine chríochach, neamhspleáchas polaitiúil agus féinchinntiúchán, agus seasfaidh sí i gcónaí leo. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas diongbháilte an Aontais don iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riail-bhunaithe agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár.

31. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ina chomhpháirtí intuartha, iontaofa agus inchreidte agus is díol sásaimh dó deis a bheith ann oibriú i dtimpeallacht athraitheach i gcomhar lena chomhpháirtithe go léir, agus leis na Náisiúin Aontaithe agus a gcuid gníomhaireachtaí, chun an próiseas athchóirithe inmheánaigh a chur chun cinn – tionscnamh UN80 – lena áirithiú go leanfaidh na Náisiúin Aontaithe de bheith éifeachtach, costéifeachtúil agus freagrúil.

32. Tá an tAontas Eorpach tiomanta don Chomhshocrú don Todhchaí, ar céim ríthábhachtach é chun na Náisiúin Aontaithe a athbheochan, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus an t-ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta a athchóiriú. Tá an tAontas Eorpach réidh chun comhoibriú leis na páirtithe leasmhara uile chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

33. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta, atá le bheith ar siúl in Sevilla ón 30 Meitheamh go dtí an 3 Iúil 2025 agus ar céim thábhachtach í i dtreo creat maoinithe domhanda athnuaite don fhorbairt inbhuanaithe a chur ar bun. Iarrann sí ar institiúidí ábhartha an Aontais oibriú i dtreo toradh uaillmhianach, i gcomhar leis na Ballstáit.

## IX. MÍREANNA EILE

34. Phléigh an Chomhairle Eorpach an staid sna Balcáin Thiar agus iarrann sí ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin i mí Aibreáin 2025.